Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11476/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0179(NLE)**

**AELE 55**
**MI 740**
**FL 25**
**ISL 34**
**N 59**
**ENV 899**
**FISC 254**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE (SCCT) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
i gComhchoiste LEE
a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol)
a ghabhann le Comhaontú LEE
(SCCT)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ba cheart iad a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

2 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

3 Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj).

4 Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*